View in browser

21 Aibreán 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 94







## CEILIÚRADH NA CÁSCA AG INIS FÁIL

Tháinig cuairteoir speisialta go hInis Fáil le gairid le huibheacha cásca a bhronnadh ar ghasúir Chois Fharraige mar cheiliúradh na Cásca. Bronnadh uibheacha, agus masc na Cásca ar na gasúir chomh maith le léarscáil den cheantar ón Airdín Buí siar go Céibh an Spidéal le logainmneacha áitiúla air le beagáinín eolais a thabhairt do na gasúir don chéad uair eile a bheas siad i mbun siúlóide chois trá. Thaitin sé go mór le Coinín na Cásca casadh le buachaillí agus cailíní na háite agus tá sé ag súil go mór leis an mbliain seo chugainn cheana féin! Ba dheis iontach a bhí ann roinnt grianghraf a thógaint, atá le feiceáil thíos!







## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE

Tá an scéim **Gaelchara** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga arís i mbliana. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Ní mór go mbeadh cónaí ar na rannpháirtithe sa limistéar - ó Na Forbacha go Ros an Mhíl, agus ní féidir gaol

fola nó pósta a bheith idir na rannpháirtithe atá ag tabhairt faoi le chéile. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an fhoghlaimeoir agus ar an meántóir ag deireadh na scéime. Le páirt a ghlacadh sa scéim, nó le breis eolais a fháil, déan teagmháil le optchois fharraige@gmail.com Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bí i dteagmháil!!







## FOLÚNTAS AG TG4

Tá TG4 sa tóir ar dhuine cumasach agus cruthaitheach le bheith mar bhall dá bhfoireann mar Ealaíontóir Grafach. Freagrach don Bhainisteoir Cruthaitheach, beidh an tEalaíontóir Grafach freagrach as ábhar cruthaitheach a chruthú atá dírithe ar phobal féachana ar leith, trasardáin. San áireamh sna dualgais a bheas ar an té a éiríonn leo, beidh brandaí a dhearadh, ábhar clóite a dhearadh, ábhar físe a chruthú agus tograí ar leith a stiúradh. Tá sé tábhachtach go mbeadh taithí agus saineolas ag an té a éiríonn leo ar bhogearraí agus nósmhaireachtaí dearaidh cosúil le Aodbe After Effects, Canva, Adobe Premiere agus Final Cut X. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin bpost anseo. Le cur isteach ar an bpost, is féidir d'iarratas mar aon le litir iarratais agus seóríl nó sampla oibre a sheoladh chuig cv@tg4.ie




## BUGAÍ BEOGA SA SPIDÉAL

Tá sraith nua Bugaí Beoga le tosú ar an Luan 25ú Aibreán @ 9:30r.n. ag Céibh an Spidéal. Deis do thuismitheoirí aclaíocht a dhéanamh i gcomhluadar a bpáistí, le tuismitheoirí eile ar bhonn sóisialta. Le clárú is féidir teagmháil a dhéanamh le Níl costas i gceist ach iarrfar ar rannpháirtithe clárú roimh ré. Tá an imeacht á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta i gcomhpháirt le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga.

## FÉILE NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA

Is i Seanscoil Sailearna a bheas an **Fhéile Náisiúnta Drámaíochta** ar bun ag tosú ar an Aoine 22 Aibreán. Léireofar dhá dhráma ar an Aoine agus dhá dhráma ar an Satharn mar chuid den Fhéile. Beidh **Cogar sa Pháirc** á léiriú @ 8i.n. ó Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach, roimh Aisteoirí Mhíobhraigh, Na Dúnaigh le léiriúchán de **Pheacadh Cholmcille** @ 8:30i.n. Ar an Satharn, léireoidh Aisteoirí Bhréanainn ó Chorca Dhuibhne **Comhluadar** a thosóidh @ 7:30i.n., agus léireoidh Aisteoirí Chúil Aodha, Múscraí **Séadna** agus **An Fear Dubh** @ 8:30i.n. Ina dhiaidh sin, taispeánfar físeán a tógadh den dráma AN MHÉAR FHADA le Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha, ar an scáileán mór sa Seanscoil. Is féidir eolas breise faoin bhFéile a fháil ach ríomhphost a chur chuig eolas@drama-gaeilge.com nó glaoch a chur ar 087 23245036

## COMHARTHAÍ NUA DO PHOBAL GHNÓ CHOIS FHARRAIGE

Tá comharthaí nua deartha ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige a bheadh feiliúnach do chomhlachtaí, eagraíochtaí, siopaí agus bialanna Chois Fharraige. Tá raon leathan teachtaireachtaí le fáil ar na comharthaí le tabhairt le fios do chuairteoirí agus do thomhaltóirí gurbh fhéidir a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus go gcuirtear fáilte roimh úsáid na Gaeilge ar an láthair. Le níos mó eolais a fháil faoi na comharthaí, is féidir teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag nó








## FIOSRÚCHÁN CICT AR TESCO

Tá fiosrúchán ar bun ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) faoi láthair maidir le hiarracht **Tesco Siopa an Phobail**, in Indreabhán, chomh maith le naoi gcinn eile de shiopaí i nGaillimh a cheannach. Tuairiscíodh go bhféadfadh an socrúchán atá beartaithe droch éifeacht a bheith aige ar chúrsaí iomaíochta don tomhaltóir, mar sin, tá sé riachtanach go ndéanfar tuilleadh fiosrúchán ina leith. Tá an CICT ag glacadh le haighneachtaí ón bpobal, agus ó chomhlachtaí faoi láthair maidir leis an socrúchán atá beartaithe. Is féidir aighneachtaí a sheoladh chuig mergers@ccpc.ie roimh 4:30 ar an Aoine 29ú Aibreán.

## 'PLUID' - CAINT AGUS COMHRÁ LEIS AN ÚDAR




Beidh caint agus comhrá le Eoghan Mac Cormaic a scríobh an leabhar '**Pluid**' i dTigh Mholly ar an 6ú Bealtaine @ 9i.n. Club Leabhar Chois Fharraige atá á reáchtáil agus pléifear agóid na Pluide sna Blocanna H agus Príosún Ard Mhacha 1976-81, mar atá léirithe sa leabhar ar an oíche. Beidh seisiún ceoil le Johnny Óg Connolly, Ruairí Mac Con Iomaire, an damhsóir Seosamh Ó Neachtain agus cairde ar bun ina dhiaidh. Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le clubleabharcf@gmail.com

## FOLÚNTAIS AG CAIFE COLALA

Osclaíodh ***Caifé CoLaLa*** ar phríomhshráid an Spidéil le gairid agus tá an caife sa tóir ar dhaoine cumasacha agus díograiseacha le bheith mar bhaill dá bhfoireann - sa gcistin agus mar fhreastalaithe. Bíonn an caife oscailte ó 8:30-3:30 ó Luan go hAoine - le bricfeasta, lón agus dinnéar ar fáil chuile lá. Le cur isteach ar phost ann, is féidir cóip de do CV, a thabhairt don bhainisteoir ann.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta